

13939/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0221(NLE)**

**ACP 89
WTO 110
RELEX 1266
COAFR 298**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	12340/26 + ADD 1
Ábhar:	Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus Fhorbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hionadú liosta na n-eadránaithe – Glacadh

1. An 6 Lúnasa 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus Fhorbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hionadú an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe.
2. Phléigh Meitheal ACC an togra thuasluaite le haghaidh Cinneadh ón gComhairle agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2026.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle:

- an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus Fhorbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hionadú liosta na n-eadránaithe, a ghlacadh, mar a leagtar amach in 13518/26 + ADD 1 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga;
- a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil;
- a iarraidh go bhfoilseofaí Cinneadh Choiste an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche, tráth a ghlacfar é, san Iris Oifigiúil;
- Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle.
